Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0147(COD)**

**9053/22
ADD 4**

**CONSOM 115
MI 387
COMPET 331
EF 137
ECOFIN 425
DIGIT 96
CODEC 687
CYBER 168**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 142 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad TOGRA LE hAGHAIDH TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2011/83/AE maidir le conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/65/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 142 final.

---

Faoi iamh: SWD(2022) 142 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.5.2022
SWD(2022) 142 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

*a ghabhann leis an doiciméad*

**TOGRA LE hAGHAIDH TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2011/83/AE maidir le conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/65/CE**

{COM(2022) 204 final} - {SEC(2022) 203 final} - {SWD(2022) 141 final}

| |
|---|
| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin** |
| Measúnú tionchair ar an Athbhreithniú ar Threoir 2002/65/CE maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí. |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Is iad seo a leanas na **fadhbanna uileghabhálacha**: 1) **easpa comhleanúnachais agus laghdú ar ábharthacht** na Treorach mar gheall ar fhorluí le reachtaíocht atá sonrach ó thaobh an táirge de agus le reachtaíocht chothrománach; 2) **nach dtugtar cosaint leordhóthanach** do **thomhaltóirí** a úsáideann seirbhísí airgeadais trí chianchumarsáid agus go **ndéantar dochar dóibh** (feasacht theoranta tomhaltóirí ar na príomhghnéithe agus na costais a bhaineann le roinnt seirbhísí airgeadais, úsáid fho-optamach an chirt chun tarraingt siar, cleachtais nua sa mhargadh ina mbaintear leas as patrúin in iompraíocht na dtomhaltóirí); agus 3) nár **baineadh amach go hiomlán iomaíochas an mhargadh aonair** le haghaidh seirbhísí airgeadais a dhíoltar trí chianchumarsáid.<br><br>Seo iad príomhchúiseanna na bhfadhbanna: **creat rialála nach n-áirithíonn** an deimhneacht dhlíthiúil; **claontachtaí iompraíochta** a shaothraíonn soláthraithe seirbhísí airgeadais; agus **bacainní** ar an méadú a d'fhéadfadh teacht ar sholáthar táirgí airgeadais **trasteorann**. Is iad seo a leanas **iarmhairtí** na bhfadhbanna sin do **thomhaltóirí**: déantar dochar do thomhaltóirí má cheannaíonn siad táirge nach bhfuil sásúil; nach bhfuil muinín leordhóthanach ann mar bhonn chun seirbhís airgeadais a úsáid, i dtír dhúchais an tomhaltóra san Aontas agus/nó ar bhonn trasteorann araon; agus caillteanas leasa mar thoradh air sin. Is iad seo **iarmhairtí** na bhfadhbanna sin do **thomhaltóirí**: éagothroime iomaíochta; costais bhreise chomhlíontachta agus caillteanas leasa toisc nach ndéantar acmhainneacht an mhargaidh aonair a bhaint amach. **Mura ndéanfaí aon ghníomh**, bheadh an staid sin fós amhlaidh. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is iad na cuspóirí ginearálta atá le hathbhreithniú na Treorach 1) **an creat rialála a chuíchóiriú**, chun soiléireacht níos fearr a áirithiú do na páirtithe leasmhara uile agus ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a áirithiú; 2) an **dochar a laghdú agus leibhéal ard, comhsheasmhach cosanta a áirithiú** do thomhaltóirí a cheannaíonn seirbhísí airgeadais go cianda; agus 3) **soláthar seirbhísí airgeadais trasteorann agus iomaíochas an mhargaidh aonair a éascú** Tá sé sin i gcomhréir le bunchuspóirí na Treorach. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Bheadh **creat reachtach níos soiléire** ann mar thoradh ar an athbhreithniú, rud a áiritheodh **deimhneacht dhlíthiúil,** agus a chosnódh an ghné 'líontán sábhála' ag an am céanna. Ní féidir cearta cothrománacha tomhaltóirí a chlúdaíonn seirbhísí airgeadais atá ann faoi láthair agus seirbhísí airgeadais amach anseo atá le feiceáil ar an margadh a bhaint amach ach amháin ar leibhéal an Aontais. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann? Mura bhfuil, cén fáth?** |
| Is iad seo a leanas na roghanna a ndearnadh measúnú orthu: **Rogha 0**: cás gan athrú beartais; **Rogha 1**: aisghairm na Treorach agus na mbeart neamhrialála; **Rogha 2:** athbhreithniú cuimsitheach; **Rogha 3a**: na forálacha ábhartha a thabhairt isteach sa reachtaíocht chothrománach; agus **Rogha 3b**: na forálacha ábhartha a thabhairt isteach i reachtaíocht atá sonrach ó thaobh an táirge de. De réir an mheasúnaithe tionchair, bheadh |

| |
|---|
| **Rogha 3a** ina rogha thosaíochta: **aisghairm, nuachóiriú na gceart ábhartha agus é a thabhairt isteach sa reachtaíocht chothrománach**, eadhon Treoir 2011/83/AE maidir le cearta tomhaltóirí (an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí). |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?** |
| Is iondúil go mbíonn **eagraíochtaí tomhaltóirí** i bhfabhar athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an Treoir (Rogha 2), ach d'fhéadfaidís glacadh le forálacha ábhartha na Treorach a aisghairm agus a thabhairt isteach sa reachtaíocht chothrománach (Rogha 3a). Is fearr le **soláthraithe seirbhísí airgeadais agus comhlachais ghnó** an cás bunlíne nó Rogha 3b (na cearta tomhaltóirí a thabhairt isteach i reachtaíocht atá sonrach ó thaobh an táirge de). Creideann **údaráis phoiblí** gurb é an rogha is fearr codanna den Treoir a ionchorprú sa reachtaíocht chothrománach (Rogha 3a). |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cad iad buntáistí rogha na tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| Bealach **éifeachtach** is ea an rogha thosaíochta chun na cuspóirí sonracha a bhaint amach, agus chun bheith **éifeachtúil**, go háirithe i gcás tomhaltóirí, agus chun ardleibhéal **comhleanúnachais** a áirithiú. Meastar go mbeidh tionchar dearfach ag an rogha ar m**huinín tomhaltóirí** tríd is tríd trí rialacha nua a thabhairt isteach maidir le conas agus cathain ba cheart faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí agus trí theorannú a dhéanamh ar chleachtais a bhaineann leas as patrúin iompraíochta, amhail úsáid roghanna réamhshocraithe. Déanfaidh sé nuachóiriú freisin ar an gceart chun tarraingt siar trí fheidhmiú an chirt sin a dhéanamh níos simplí. Bheadh tionchar dearfach ag an rogha ar an **dochar do thomhaltóirí a laghdú** (**EUR 170-210 milliún** ar a laghad). |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| Bheadh **costais bhreise aonuaire agus athfhillteacha** ar ghnólachtaí mar thoradh ar an rogha thosaíochta a ghlacadh. Is é is cúis leis sin go gcuirfeadh bearta faoin rogha beartais seo de cheangal ar sholáthraithe seirbhíse eolas a chur ar an Treoir feabhsaithe maidir le Cearta Tomhaltóirí, a gcórais TF a oiriúnú, oiliúint a chur ar fhoirne, a suíomhanna gréasáin agus conarthaí a thabhairt cothrom le dáta. Tar éis chur chun feidhme na n-athruithe den chéad uair, ní mheastar go mbeidh méadú suntasach ar chostais athfhillteacha. Bheadh thart ar **EUR 19 milliún** de chostais ar ghnólachtaí i gceist leis an rogha seo. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| De réir anailís an staidéir thacaíochta agus de réir an aiseolais ó pháirtithe leasmhara, ní dhéanfar difear díréireach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) i gcomparáid le fiontair mhóra. Bheadh feidhm ag na príomhchineálacha tionchair a shainaithnítear sa mheasúnú seo go comhréireach maidir le FBManna freisin. |
| **An imreofar tionchair shuntasacha ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Bheadh **costais bhreise aonuaire agus athfhillteacha ar údaráis náisiúnta mar thoradh ar an rogha thosaíochta a ghlacadh**. Bheadh roinnt costas trasuí agus cur chun feidhme ar na húdaráis le linn chéim an ghlactha, ach ní bheadh ualach rómhór orthu, ós rud é nach bhfuil ach fíorbheagán i gceist leis na forálacha nua. Bheadh costais bhreise faireacháin agus forfheidhmithe ann i ngeall ar rialacha nua a thabhairt isteach, amhail toirmeasc ar roghanna réamhshocraithe agus oiriúnú na rialacha maidir le cur i láthair i gcás bealaí |

| |
|---|
| dáileacháin éagsúla. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Meastar go ndéanfar **an creat dlíthiúil a shimpliú** tríd an Treoir a **aisghairm**, agus ag an am céanna an ghné **'líontán sábhála'** a choinneáil trí airteagail ábhartha na Treorach a chur sa reachtaíocht tomhaltóirí atá ann cheana. Bainfidh na rialacha nua maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí tairbhe freisin as cur i bhfeidhm rialacha áirithe den Treoir reatha maidir le Cearta Tomhaltóirí. |
| **Comhréireacht?** |
| **Ní rachaidh an rogha thosaíochta thar a bhfuil riachtanach** chun na cuspóirí a bhaint amach. Ní chlúdóidh an tionscnamh ach na gnéithe sin amháin nach féidir le Ballstáit an Aontais a bhaint amach as a stuaim féin agus na réimsí sin amháin ina bhfuil an t-ualach riaracháin agus na costais i gcomhréir leis na cuspóirí sonracha agus na cuspóirí ginearálta atá le baint amach. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Má ghlactar é, déanfaidh an Coimisiún **faireachán ar chur chun feidhme** an bheartais a roghnófar, tar éis a ghlactha. Beidh liosta táscairí faireacháin sa mheasúnú tionchair mar bhonn don chéad mheastóireacht eile. |